2024/434

6.2.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/434 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Feabhra 2024

maidir le bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Agrilus planipennis* Fairmaire laistigh de chríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (d) go (i), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na ráigeanna nua de *Agrilus planipennis* Fairmaire ('an lotnaid shonraithe') i dtríú tíortha atá gar do theorainneacha an Aontais, is gá bearta a thabhairt isteach chun bunú agus leathadh na lotnaide sonraithe laistigh de chríoch an Aontais a chosc i gcás ina mbraitear í a bheith i láthair inti.

(2) Liostaítear an lotnaid shonraithe mar lotnaid tosaíochta de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Ar bhonn na fianaise eolaíche agus teicniúla atá ar fáil maidir leis an lotnaid shonraithe, níor cheart bearta a dhéanamh i ndáil leis an lotnaid shonraithe ach amháin maidir le plandaí *Chionanthus virginicus* L. agus *Fraxinus* L. ('na plandaí sonraithe') agus adhmad, coirt aonraithe agus réada eile atá déanta as coirt, de *Chionanthus virginicus* L. agus *Fraxinus* L ('an t-adhmad sonraithe agus an choirt shonraithe').

(4) Chun a áirithiú nach bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i gcríoch an Aontais, ba cheart do na Ballstáit diansuirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe sin agus modhanna atá i gcomhréir leis an bhfaisnéis eolaíoch agus theicniúil is déanaí a úsáid.

(5) Chun bunú agus leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais a chosc, ba cheart do na Ballstáit limistéir chríochaithe a bhunú arb é atá iontu crios inmhíolaithe agus crios maolánach agus ba cheart dóibh bearta díothaithe a chur i bhfeidhm.

(6) Ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide sonraithe, ba cheart a áireamh sa chrios inmhíolaithe na plandaí inmhíolaithe agus na plandaí sonraithe uile a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe laistigh de gha 100 m ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhíolaithe. Ar an mbonn céanna, ba cheart leithead an chreasa mhaolánaigh a bheith 10 km thar theorainn an chreasa inmhíolaithe, toisc gurb iomchuí sin do chumas leata na lotnaide sonraithe.

(7) I gcásanna brath aonair den lotnaid shonraithe, áfach, níor cheart é a bheith riachtanach limistéar críochaithe a bhunú más féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú i ndáil leis na plandaí sin, agus má tá fianaise ann gur inmhíolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach sa limistéar iad, nó gur brath aonair é nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr. Is é sin an cur chuige is comhréirí, a fhad is a dheimhníonn na suirbhéanna a dhéantar sa limistéar lena mbaineann nach bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair.

(8) Chun a áirithiú go mbainfear láithreach na plandaí inmhíolaithe agus go gcuirfear cosc le leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart an faireachán ar na limistéir chríochaithe a dhéanamh go bliantúil ag an tráth is iomchuí den bhliain agus ba cheart é a dhéanamh le déine leordhóthanach.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8).

(9) Chun cur chuige comhréireach a áirithiú maidir leis an riosca físeashláintíochta a bhaineann leis an lotnaid, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit deireadh a chur leis an gcríochú más rud é, ar bhonn suirbhéanna, nach mbraitear an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe ar feadh 4 bliana as a chéile ar a laghad.

(10) Ba cheart bearta díothaithe a leagan amach chun an lotnaid shonraithe a dhíothú má bhraitear í a bheith i láthair i gcríoch an Aontais. Ba cheart na bearta sin a bheith iomchuí do bhitheolaíocht na lotnaide sonraithe agus bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch agus theicniúil atá ar fáil.

(11) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, beidh ar gach Ballstát plean teagmhais maidir le gach lotnaid tosaíochta a tharraingt suas agus a choimeád cothrom le dáta. Ar bhonn na taithí ó ráigeanna roimhe seo, is gá rialacha sonracha a ghlacadh lena gcuirtear Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031 chun feidhme chun plean teagmhais cuimsitheach a áirithiú i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe san Aontas.

(12) Na forálacha a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh i limistéir saor ó lotnaidí ar bhonn Threoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia do shuirbhéanna ar *Agrilus planipennis* ([3]) atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin ón 1 Eanáir 2027 chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla acmhainní leordhóthanacha a phleanáil, a ullmhú agus a leithdháileadh le haghaidh suirbhéanna den sórt sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'lotnaid shonraithe' *Agrilus planipennis* Fairmaire;

(2) ciallaíonn 'plandaí sonraithe' plandaí *Chionanthus virginicus* L. agus *Fraxinus* L., seachas torthaí, síolta, pailin agus plandaí i saothrán fíocháin;

(3) ciallaíonn 'suirbhé um theorannú' nós imeachta atriallach a úsáidtear chun teorainneacha a bhunú ar limistéir a mheastar a bheith inmhíolaithe le lotnaid nó saor ó lotnaid;

(4) ciallaíonn 'adhmad sonraithe agus coirt shonraithe' adhmad, coirt aonraithe agus réada eile atá déanta as adhmad agus coirt, ó *Chionanthus virginicus* L. agus *Fraxinus* L.;

(5) ciallaíonn 'crainn ghaiste' plandaí sonraithe a chrioslaítear agus a úsáidtear chun tacú le luathbhrath na lotnaide sonraithe.

Airteagal 2

Suirbhéanna ar chríoch an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2016/2031

1. Déanfaidh na Ballstáit suirbhéanna atá bunaithe ar riosca maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe go bliantúil i limistéir dá gcríoch nach eol í a bheith iontu.

2. Le dearadh agus scéim samplála na suirbhéanna sin, beifear in ann leibhéal íseal láithreachta na lotnaide sonraithe ar phlandaí inmhíolaithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal muiníne atá ard go leor. Beidh siad bunaithe ar Threoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') le haghaidh suirbhéanna ar *Agrilus planipennis* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus cuirfear san áireamh iontu an riosca go bhféadfadh an lotnaid shonraithe leathadh go nádúrtha.

([3]) EFSA, Treoirlínte maidir le suirbhéanna ar *Agrilus planipennis* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus bunaithe ar riosca, 17 Nollaig 2020, https://doi.org/10.2903/sp.efsa.2020.EN-1983.

3. Déanfar na suirbhéanna:

(a) faoin aer, i limistéir nádúrtha agus uirbeacha, ag stadanna feadh na bpríomhbhóithre, na n-iarnród agus na mbealaí iompair eile, i bplandlanna, ionaid gharraíodóireachta, ionaid trádála do phlandaí, adhmad, agus coirt shonraithe, i muilte sábhadóireachta crua-adhmaid agus i láithreáin ábhartha eile, de réir mar is iomchuí;

(b) ag tráthanna iomchuí den bhliain maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath, agus bitheolaíocht na lotnaide sin, láithreacht agus bitheolaíocht na bplandaí sonraithe, agus an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil dá dtagraítear i gCárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Agrilus planipennis* ([4]) á gcur san áireamh.

4. Is éard a bheidh sna suirbhéanna:

(a) gaistiú na lotnaide sonraithe, a bhféadfadh úsáid crann gaiste a bheith san áireamh leis;

(b) scrúdú amhairc a dhéanamh ar na plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí;

(c) i gcás amhrais, sampláil agus tástáil na bplandaí agus an adhmaid shonraithe, lena n-áirítear brainsí gearrtha agus ábhar pacáistíochta adhmaid; agus

(d) madraí bolaíochta atá oilte go sonrach a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 3

Limistéir chríochaithe a bhunú

1. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil láithreacht na lotnaide sonraithe, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar críochaithe gan mhoill arb é a bheidh ann:

(a) crios inmhíolaithe laistigh de gha 100 m ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhíolaithe, lena n-áirítear na plandaí inmhíolaithe agus na plandaí sonraithe uile a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe ('crios inmhíolaithe');

(b) crios maolánach atá 10 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an chreasa inmhíolaithe.

2. I dteorannú an limistéir chríochaithe cuirfear san áireamh na prionsabail eolaíocha, bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, leibhéal an inmhíolaithe, dáileadh sonrach na bplandaí sonraithe sa limistéar lena mbaineann agus an fhianaise maidir le bunú na lotnaide sonraithe ann.

Tar éis chríochú tosaigh an chreasa inmhíolaithe a dhéanamh, déanfar suirbhé um theorannú láithreach, a mbeidh dearadh agus scéim samplála aige lena mbeifear in ann láithreacht 1 % de phlandaí inmhíolaithe a bhrath le leibhéal muiníne 95 %.

Maidir leis an suirbhé um theorannú:

(a) beidh sé bunaithe ar Threoirlínte an Údaráis do shuirbhéanna ar *Agrilus planipennis* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca; agus

(b) áireofar ann sampláil brainse nó modhanna oiriúnacha eile lena mbeifear in ann an lotnaid a bhrath sula dtiocfaidh sí amach.

3. Laistigh de na limistéir chríochaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta a glacadh chun a leathadh breise lasmuigh de na limistéir sin a chosc.

Áiritheoidh siad go bhfuil na hoibreoirí gairmiúla agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi theorannú na limistéar críochaithe.

([4]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2020. Léarscáil staire maidir leis an suirbhé ar *Agrilus planipennis*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2020: EN-1945. https://arcg.is/09S94u.

4. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh ga an chreasa mhaolánaigh a laghdú, ar bhonn faisnéis faoi mhéid an inmhíolaithe, dlús na bplandaí sonraithe, tionscnamh agus aois na ráige. Sa chás sin, déanfaidh siad an laghdú sin, chomh maith leis na cúiseanna atá leis, a thuairisciú láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

Airteagal 4

Maoluithe ar bhunú limistéar críochaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 3, féadfaidh na húdaráis inniúla rogha a dhéanamh gan limistéar críochaithe a bhunú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá fianaise ann gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéar leis na plandaí nó ábhar plandaí ar ar braitheadh í, agus go raibh na plandaí sin inmhíolaithe sular tugadh isteach sa limistéar lena mbaineann iad agus nár tharla aon mhéadú ar an lotnaid shonraithe nó go bhfuil fianaise ann gur brath aonair atá i gceist nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid shonraithe dá dheasca;

(b) faightear nach bhfuil an lotnaid shonraithe bunaithe agus nach féidir an lotnaid shonraithe a leathadh agus a phórú ar bhealach rathúil mar gheall ar a bitheolaíocht, ar bhonn torthaí imscrúdaithe shonraigh agus ar bhonn bearta díothaithe a rinneadh.

2. I gcás ina gcuireann an t-údarás inniúil an maolú dá bhforáiltear i mír 1 i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go leathfadh sí a eisiamh;

(b) i gcás inarb iomchuí, an líon gaistí a mhéadú láithreach, mar aon leis an minicíocht lena ndéantar na gaistí a sheiceáil sa limistéar sin;

(c) scrúduithe amhairc a threisiú láithreach chun a fháil amach an bhfuil aosaigh den lotnaid shonraithe i láthair, mar aon le sampláil brainse nó modhanna braite oiriúnacha eile lena mbeifear in ann an lotnaid shonraithe a bhrath sula dtiocfaidh sí chun cinn;

(d) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, déanfaidh sé suirbhé ar limistéar atá 1 km ar a laghad ar leithead timpeall ar na plandaí inmhíolaithe nó ar an áit inar braitheadh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian le linn thréimhse eitilte na lotnaide sonraithe;

(e) imscrúdú a dhéanamh ar thionscnamh na lotnaide sonraithe trí na plandaí, adhmad, coirt agus réada eile a bhaineann leis an lotnaid shonraithe a rianú, agus scrúdú a dhéanamh orthu sin le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, lena n-áirítear sampláil brainse agus sampláil scriosach spriocdhírithe;

(f) feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe; agus

(g) aon bheart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus aird á tabhairt ar CIBF Uimh. 9 ([5]) agus cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ([6]).

Airteagal 5

Suirbhéanna bliantúla i limistéir chríochaithe

Sna limistéir chríochnaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla diansuirbhéanna bliantúla, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreacht na lotnaide sonraithe a bhrath, agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcárta suirbhé lotnaidí an Údaráis á cur san áireamh.

([5]) *Guidelines for pest eradication programmes* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. https://www.fao.org/3/x2981e/x2981e.pdf.

([6]) *The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. https://www.ippc.int/en/publications/607/

Cuirfear san áireamh i ndearadh an tsuirbhé na Treoirlínte do shuirbhéanna ar *Agrilus planipennis* atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca. An dearadh suirbhé agus scéim samplála a úsáidtear le haghaidh suirbhéanna braite lena bhféadfar láithreacht 1 % den lotnaid shonraithe a shainaithint le leibhéal muiníne 95 % ar a laghad.

Déanfar na suirbhéanna bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (4) sna criosanna maolánacha chun láithreacht na lotnaide sonraithe a bhrath agus sna criosanna inmhíolaithe chun faireachán a dhéanamh ar a láithreacht iontu.

Airteagal 6

Deireadh a chur leis an gcríochú

Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú nuair nach mbraitear an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe ar feadh ceithre bliana as a chéile ar a laghad, ar bhonn na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 5.

Airteagal 7

Bearta díothaithe

1. Tar éis chríochú tosaigh an limistéir a dhéanamh, agus i gcomhthreo leis na suirbhéanna um theorannú, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta uile seo a leanas:

(a) plandaí inmhíolaithe agus plandaí a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe ag leibhéal na talún a leagan láithreach;

(b) na plandaí sonraithe uile a leagan láithreach laistigh de gha 100 m ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhíolaithe agus scrúdú a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sin le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, ach amháin i gcásanna inar braitheadh na plandaí inmhíolaithe lasmuigh de thréimhse eitilte na lotnaide sonraithe; sa chás sin, déanfar plandaí sonraithe a leagan agus a bhaint in am roimh thús na chéad tréimhse eitilte eile;

(c) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis;

(d) an t-adhmad agus an choirt a bhaineann leis an inmhíolú a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint;

(e) aon ghluaiseacht plandaí, adhmaid agus coirte sonraithe amach as an limistéar críochaithe a thoirmeasc;

(f) imscrúdú ar thionscnamh an inmhíolaithe trí na plandaí, adhmad, coirt agus réada eile a bhaineann leis an inmhíolú a rianú, agus scrúdú a dhéanamh orthu sin le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, lena n-áirítear sampláil brainse agus sampláil scriosach spriocdhírithe;

(g) speicis plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí;

(h) láithreacht phlandaí sonraithe nua faoin aer a thoirmeasc sa limistéar dá dtagraítear i bpointe (b), seachas láithreacht crann gaiste;

(i) i gcás ina n-úsáidtear crainn ghaiste, beidh siad sin faoi réir cigireachtaí rialta, agus scriosfar iad agus déanfar scrúdú orthu roimh an gcéad tréimhse eitilte eile;

(j) feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun tabhairt isteach na lotnaide sin agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a chosc, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí, adhmaid agus coirte sonraithe ón limistéar críochaithe;

(k) i gcás inar gá, bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar dhíothú, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus díothú leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhíolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, gan beann ar a suíomh, ar úinéireacht phoiblí nó phríobháideach ná ar an duine ná ar an eintiteas atá freagrach astu; agus

(l) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta Uimh. 9 agus le cur chuige córas a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh an ga dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a leathnú, ar bhonn faisnéis faoi mhéid an inmhíolaithe, dlús na bplandaí sonraithe, tionscnamh agus/nó aois na ráige.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (b), i gcás ina dtagann údarás inniúil ar an gconclúid nach bhfuil an leagan iomchuí do líon teoranta plandaí aonair, mar gheall ar an luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith atá acu, beidh na plandaí aonair sin faoi réir scrúdú aonair míosúil le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe. I gcásanna mar sin, déanfar bearta malartacha seachas na plandaí a leagan lena n-áiritheofaí ardleibhéal cosanta chun cosc a chur le leathadh féideartha na lotnaide ó na plandaí sin.

Déanfar na cúiseanna leis an gconclúid sin agus na bearta arna ndéanamh dá thoradh a chur in iúl don Choimisiún sa tuarascáil faoi Airteagal 9.

4. Má léirítear le torthaí an tsuirbhé teorannaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) gur braitheadh an lotnaid shonraithe arís, cuirfidh an t-údarás inniúil gach beart dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm agus leanfaidh sé leis an suirbhé um theorannú.

Airteagal 8

Pleananna teagmhais

1. Déanfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, foráil ina bpleananna teagmhais maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, mar a leagtar amach in Airteagal 7;

(b) bearta réamhchúraim a bhaineann le gluaiseachtaí plandaí, adhmaid agus coirte sonraithe laistigh de chríoch an Aontais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([7]);

(c) na cigireachtaí oifigiúla atá le déanamh ar ghluaiseachtaí plandaí, adhmaid agus coirte sonraithe laistigh de chríoch an Aontais;

(d) na hacmhainní íosta atá le cur ar fáil agus na nósanna imeachta chun na hacmhainní breise sin a chur ar fáil i gcás ina ndeimhneofar go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair nó i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil sí i láthair;

(e) na nósanna imeachta chun úinéirí na bplandaí, an adhmaid agus na coirte atá le scriosadh a shainaithint, fógra faoin ordú um baint a thabhairt agus rochtain a fháil ar mhaoin phríobháideach.

2. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhais a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí, faoin 31 Nollaig gach bliain.

Airteagal 9

Tuarascálacha bliantúla

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile maidir leis na bearta a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin agus torthaí na mbeart sin, de bhun Airteagail 2 go 8.

Cuirfear torthaí na suirbhéanna a dhéanfar de bhun Airteagal 5 faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin an teimpléid dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2(2) ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. **Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna bliantúla i limistéir chríochaithe a thuairisciú, trí chur chuige bunaithe ar staidreamh a úsáid**

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)		2. Méid rosaigh an LC (ha)	3. Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta	4. Cur chuige	5. Crios	6. Láithreáin suirbhéireachta		7. Uainiú	A. Sainiú an tsuirbhé (paraiméadair ionchuir le haghaidh RiBESS+)												B. Iarracht samplála							C. Torthaí an tsuirbhé						25. Nótaí
									8. Spriocphobal			9. Aonaid eipidéimeolaíocha		10. Modhanna braite				11. Éifeachtacht na samplála	12. Fógairteacht an mhodha	13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, suíomhanna agus limistéir)					14. An líon aonad eipidéimeolaíoch a ndearnadh cigireacht orthu	15. An líon scrúduithe amhairc	16. An líon samplaí	17. An líon gaistí	18. An líon láithreán gaisteoireachta	19. An líon tástálacha	20. An líon beart eile	21. Torthaí			22. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715		23 An Leibhéal muiníne a baineadh amach	24. Leitheadúlacht dearaidh	
Ainm	Dáta bunaíochta					Tuairisc	Uimhir		Speicteas óstach	Achar (ha nó aonad eile atá níos ábhartha)	Aonaid chigireachta	Tuairisc	Aonaid	Scrúduithe amhairc	Gaisteoireacht	Tástáil	Modhanna eile			Toisc riosca	Leibhéil riosca	An líon suíomhanna	Rioscaí coibhneasta	Cion an phobail óstaigh							Dearfach	Diúltach	Neamhchinnitheach	Uimhir	Dáta			

2. **Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach**

Mínigh na toimhdí foluiteacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé de réir na lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

— an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta;

— an modh braite agus íogaireacht an mhodha;

— an toisc riosca nó na tosca riosca, agus sonraigh na leibhéil riosca agus rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1:	Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainaithint mar aon leis an dáta ar bunaíodh é.
Le haghaidh cholún 2:	Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 3:	Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 4:	Sonraigh an cur chuige: Díothú nó Imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna agus is gá, de réir an líon LC in aghaidh na lotnaide agus de réir na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.
Le haghaidh cholún 5:	Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus an oiread rónna agus is gá á gcur isteach: Crios inmhíolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.
Le haghaidh cholún 6:	Sonraigh uimhir na láithreán suirbhéireachta agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce: 1. Faoin aer (limistéar táirgthe): 1.1 gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois; 2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdíní príobháideacha; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála); 3. Dálaí atá dúnta go fisiceach: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).
Le haghaidh cholún 7:	Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh na suirbhéanna.
Le haghaidh cholún 8:	Sonraigh an spriocphobal a roghnaíodh agus soláthair dá réir liosta na speiceas/géineas agus an limistéar a cumhdaíodh. Sainmhínítear an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. Is iondúil go sainítear a mhéid ina heicteáir i gcás limistéir talmhaíochta, ach d'fhéadfadh sé gur lotaí, páirceanna, tithe gloine etc. a bheadh i gceist. Sonraigh údar leis an rogha a dhéantar sna toimhdí foluiteacha. Sonraigh na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn 'aonad cigireachta' plandaí, codanna plandaí, tráchtearraí, ábhair, veicteoirí lotnaidí a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.
Le haghaidh cholún 9:	Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, agus sonraigh tuairisc agus aonad tomhais na n-aonad sin. Ciallaíonn 'aonad eipidéimeolaíoch' limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mbeadh an lotnaid i láthair. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíocha atá aonchineálach ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, agus tá planda óstach amháin ar a laghad iontu. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiúin iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Ní mór údar a thabhairt sna toimhdí foluiteacha maidir le rogha na n-aonad eipidéimeolaíoch.

Le haghaidh cholún 10:	Sonraigh na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, lena n-áirítear an líon gníomhaíochtaí i ngach cás, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis i gcolún áirithe.
Le haghaidh cholún 11:	Sonraigh meastachán ar éifeachtacht na samplála. Ciallaíonn éifeachtacht na samplála an dóchúlacht go roghnófaí codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é atá inti éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil nuair a bhíonn sé i láthair i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é atá inti an éifeachtacht lena roghnaítear sampla ithreach ina bhfuil an lotnaid nuair a bhíonn an lotnaid i láthair i limistéar an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 12:	Ciallaíonn 'íogaireacht an mhodha' an dóchúlacht go mbraithfear láithreacht lotnaide i gceart le modh ar leith. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht gur toradh deimhneach a bheidh ar thástáil ar óstach atá deimhneach i ndáiríre. Is é atá inti éifeachtacht na samplála (i.e. an dóchúlacht go roghnófar codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe) arna hiolrú faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arna saintréithiú tríd an gcigireacht amhairc agus/nó an tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).
Le haghaidh cholún 13:	Sonraigh na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá. I gcás gach toisce riosca, sonraigh an leibhéal riosca agus an riosca coibhneasta comhfhreagrach agus cion an phobail óstaigh.
Le haghaidh cholún B:	Tabhair sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach mbaineann an fhaisnéis i gcolún áirithe le hábhar. Baineann an fhaisnéis atá le soláthar sna colúin seo leis an bhfaisnéis a áirítear i gcolún 10 'Modhanna braite'.
Le haghaidh cholún 18:	Sonraigh an líon láithreán gaisteoireachta i gcás nach ionann an líon sin agus an líon gaistí (colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).
Le haghaidh cholún 21: S	onraigh an líon samplaí a fuarthas deimhneach, diúltach nó neamhchinntithe. Is éard is 'neamhchinntithe' ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte – neamhshainaitheanta, sean).
Le haghaidh cholún 22:	Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an suirbhé. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 25 ('Nótaí').
Le haghaidh cholún 23:	Sonraigh íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM) 31. An leibhéal muiníne a baineadh amach maidir le saoirse ó lotnaidí a bhaintear amach, déantar an luach sin a ríomh ar bhonn na scrúduithe (agus/nó ar na samplaí) a rinneadh i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus leitheadúlacht an dearaidh.
Le haghaidh cholún 24:	Sonraigh leitheadúlacht an dearaidh ar bhonn meastachán réamhshuirbhé ar leitheadúlacht iarbhír dhóchúil na lotnaide sa ghort. Socraítear leitheadúlacht an dearaidh mar sprioc de chuid an tsuirbhé agus comhfhreagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca go mbeidh an lotnaid ann agus na hacmhainní atá ar fáil don suirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh suirbhé braite.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/434/oj